AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2021
COM(2021) 589 final

2021/0300 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

i dtaca le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine agus prótacal cur chun feidhme an chomhaontaithe sin

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Síníodh an comhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe (SFPA) idir Poblacht Ioslamach na Máratáine agus an Comhphobal Eorpach agus tháinig sé i bhfeidhm an 8 Lúnasa 2008 ar feadh tréimhse 6 bliana. Déanfar an comhaontú a athnuachan go hintuigthe, agus dá bhrí sin tá sé fós i bhfeidhm. An Prótacal chur chun feidhme de chuid SFPA is déanaí a bhí ann, ba théarma tosaigh 4 bliana a bhí leis (2015-2019), cuireadh síneadh leis dhá uair, agus ba shíneadh bliana a bhí i gceist an dá uair sin. Rachaidh sé in éag an 15 Samhain 2021[1]. Ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta[2], rinne an Coimisiún Eorpach an chaibidlíocht le Rialtas Phoblacht Ioslamach na Máratáine (dá ngairtear 'an Mháratáin' anseo feasta) d'fhonn comhaontú comhpháirtíochta nua maidir le hiascaigh inbhuanaithe agus an Prótacal cur chun feidhme a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh. Ag deireadh na caibidlíochta, chuir na hidirbheartaithe a n-inisealacha ar an gComhaontú agus an Prótacal an 28 Iúil 2021.

Leis an bPrótacal nua, cumhdaítear tréimhse 6 bliana ó dháta an iarratais shealadaigh atá leagtha síos in Airteagal 20 de, is é sin an dáta a shíníonn an dá Pháirtí é. Déanfar é a athnuachan go hintuigthe.

Leis an bPrótacal cur chun feidhme nua, cumhdaítear tréimhse 5 bliana ó dháta an iarratais shealadaigh atá leagtha síos in Airteagal 19 de, is é sin an dáta a shíníonn an dá Pháirtí é. Foráiltear ann maidir le clásal athbhreithnithe le linn an dara bliain den chur i bhfeidhm d'fhonn coigeartú a dhéanamh ar na deiseanna iascaireachta agus ar an gcúiteamh airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann.

Is é is cuspóir don togra seo **tabhairt i gcrích** an dá Ghníomh a údarú

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é príomhaidhm an Chomhaontaithe nua creat atá cothrom le dáta a sholáthar agus tosaíochtaí an Chomhbheartais Iascaigh athchóirithe á gcur san áireamh agus a ghné sheachtrach, d'fhonn leanúint leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine i réimse na n-iascach agus í a threisiú.

Is é is aidhm don Phrótacal deiseanna iascaireachta a dheonú do shoithí an Aontais Eorpaigh i limistéar iascaireachta na Máratáine i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil agus le rúin agus moltaí an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (CICTA) agus an Coiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir (CECAF), laistigh de theorainneacha an bharrachais atá ar fáil. Bhí seasamh caibidlíochta an Choimisiúin Eorpaigh bunaithe i bpáirt ar thorthaí meastóireachta a rinneadh ar an bPrótacal roimhe seo (2015-2019), agus ar mheasúnú réamhbhreathnaitheach ar cheart Prótacal nua a thabhairt chun críche. Is saineolaithe seachtracha a thug faoin na measúnuithe seo. Ina theannta sin, is é is aidhm dó, feabhas a chur ar an gcomhar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine chun beartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun acmhainn iascaigh a shaothrú ar bhealach freagrach i limistéar iascaireachta na Máratáine agus san Aigéan Atlantach, ar mhaithe leis an dá Pháirtí. Ina theannta sin, leis an gcomhar seo, cuideofar le fostaíocht a chruthú agus le dálaí oibre sásúla a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí iascaigh.

---

1 IO L Uimh. 404, 02.12.2020, lch. 1

2 Arna ghlacadh ag an 3418ú Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 22 Deireadh Fómhair 2015

Sa Phrótacal nua, le linn an chéad dá bhliain de bheith i bhfeidhm, foráiltear maidir leis na deiseanna iascaireachta céanna a chuirtear ar fáil faoin bPrótacal reatha, seachas tonnáistí tagartha le haghaidh an dá chatagóir tuinnín dá ndéantar coigeartú imeallach. Seo a leanas na catagóirí faoi leith atá i gceist:

– Catagóir 1 – Soithí iascaireachta crústach seachas an gliomach agus an portán. 5000 tona agus 15 shoitheach;

– Catagóir 2 – Trálaeir nach bhfuil reoiteoir iontu agus soithí ruaimeanna fada lena ndéantar iascaireacht ar an gcolmóir dubh: 6000 tona agus 4 shoitheach;

– Catagóir 2bis – Reothrálaeir lena ndéantar iascaireacht ar an gcolmóir dubh: 3 500 tona colmóirí, 1 450 tona calamar, 600 tona cudal le haghaidh 6 shoitheach;

– Catagóir 3 – Soithí iascaireachta na speiceas grinnill seachas an colmóir dubh ina bhfuil trealamh seachas an trál: 3000 tona agus 6 shoitheach;

– Catagóir 4 – Soithí tuinníní peas-saighne: 14 000 tona (tonnáiste tagartha) agus 29 soitheach;

– Catagóir 5 – Soithí tuinníní slat-agus-ruaimeanna agus trálaeir tuinníní: 7 000 tona (tonnáiste tagartha) agus 15 shoitheach;

– Catagóir 6 – Reothrálaeir iascaireachta peiligí: 247 500 tona agus 19 soitheach;

– Catagóir 7 – Soithí iascaireachta peiligí nach bhfuil reoiteoir iontu: 15 000 tona (bainte as méid chatagóir 6 má úsáidtear iad) agus 2 shoitheach.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Idirbheartú an chomhaontaithe comhpháirtíochta nua maidir le hiascaigh inbhuanaithe nua leis an Máratáin agus an Prótacal chun é a chur chun feidhme, tá siad mar chuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais maidir le tíortha na hAfraice, le tíortha Mhuir Chairib agus le tíortha an Aigéin Chiúin (ACC) agus cuirtear san áireamh, go háirithe, cuspóirí an Aontais maidir le prionsabail dhaonlathacha agus cearta an duine a urramú.

I gcás na Máratáine, tá an comhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe ina chuid de chreat comhpháirtíochta déthaobhach níos leithne lena gcumhdaítear réimsí éagsúla, lena n-áirítear comhar um fhorbairt, beartais slándála, cearta an duine, inimirce, dálaí oibre, an comhshaol agus beartais do na réigiúin is forimeallaí.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús Dlí**

Is é an bunús dlí Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena mbunaítear an comhbheartas iascaigh agus Airteagal 218(6) CFAE lena bhforáiltear go nglacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón idirbheartaí, le cinneadh lena dtabharfar an Comhaontú i gcrích.

De réir Airteagal 17(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, áiritheoidh an Coimisiún ionadaíocht sheachtrach an Aontais ach amháin in ábhair a thagann faoi raon feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála. Dá bhrí sin, na hoifigigh a ainmníonn an Coimisiún,

is iad sin amháin a bheidh inniúil ar fhógra a thabhairt maidir le tabhairt i gcrích comhaontaithe idir an tAontas agus tríú tír.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tá an togra faoi chuimsiú inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach leis an gcuspóir maidir le creat rialachais dhlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí an Aontais in uiscí tríú tíortha, mar atá leagtha amach in Airteagal 31 den Rialachán lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh. Comhlíontar na forálacha sin chomh maith leis na forálacha sin maidir le cúnamh airgeadais le haghaidh tríú tíortha a leagtar síos in Airteagal 32 den Rialachán sin.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Sa bhliain 2018, rinne an Coimisiún meastóireacht ex-post ar Phrótacal 2015-2019 de chuid FPA a tugadh i gcrích leis an Máratáin, chomh maith leis an bhféidearthacht atá ann go ndéanfaí meastóireacht *ex-ante* ar an bPrótacal sin.

Sa mheastóireacht thángthas ar an gconclúid go bhfuil suim mhór ag earnálacha iascaireachta AE in iascaireacht sa Mháratáin agus go bhfuil athnuachan an Phrótacail chun leasa an dá Pháirtí. Ina theannta sin, le hathnuachan an Phrótacail, chabhrófaí le faireachán, rialúchán agus faireachas a neartú agus chuideofaí le rialachas feabhsaithe na n-iascach sa réigiún.

Maidir leis an Aontas Eorpach, tá sé tábhachtach go gcoinneofaí ionstraim ar bun lena gceadófaí comhar domhain earnála le himreoir mór a bhfuil tionchar mór aige i rialachas aigéan ar an leibhéal fo-réigiúnach mar gheall ar mhéid an limistéir iascaireachta atá faoina dhlínse. Beifear in ann comhghuaillíochtaí a chruthú laistigh de chreat CICTA agus i gcomhlachtaí réigiúnacha eile, go háirithe CECAF, ach an caidreamh leis an Máratáin a neartú. Ina theannta sin, i gcás chabhlach an Aontais Eorpaigh, ciallaíonn sé sin go gcoinneofar rochtain ar limistéar tábhachtach iascaireachta chun straitéisí saothraithe a chur i bhfeidhm faoi chreat dlí idirnáisiúnta ilbhliantúil. I gcás údaráis na Máratáine is é an aidhm atá ann leanúint den chaidreamh leis an Aontas Eorpach chun rialachas na n-aigéan a neartú, ag baint tairbhe as tacaíocht earnála thiomnaithe lena gcuirtear deiseanna maoinithe ilbhliantúla ar fáil, agus tionsclú earnáil an athchóirithe a chur ar bun trí bhíthin ghníomhaíocht na soithí, mar chuid d'éagsúlú a geilleagair.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe tionscail, le heagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta, chomh maith le riarachán iascaigh agus sochaí shibhialta na Máratáine, mar chuid den mheastóireacht. Eagraíodh comhairliúcháin freisin i gcomhthéacs na Comhairle Comhairlí Fadraoin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D'úsáid an Coimisiún comhairleoir neamhspleách le haghaidh na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante*, i gcomhréir le forálacha Airteagal 31 (10) den Rialachán lena mbunaítear an comhbheartas iascaigh.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach

- **Cearta bunúsacha**

Leis an gcomhaontú a caibidlíodh, foráiltear maidir le clásal a bhaineann le hiarmhairtí na sáruithe ar na heilimintí fíor-riachtanacha d'Airteagal 9 de Chomhaontú Cotonou, eilimintí a bhaineann le cearta daonna, nó den Airteagal comhfhreagrach sa Chomhaontú a thiocfaidh i gcomharbas ar Chomhaontú Cotonou.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

EUR 57 500 000 ar a mhéad a bheidh sa ranníocaíocht bhliantúil airgeadais chun rochtain a thabhairt do shoithí an Aontais ar uiscí agus ar acmhainn iascaigh in uiscí na Máratáine le haghaidh an chéad dá bhliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail. Athbhreithneofar an méid sin roimh an tríú bliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail. Tá gá leis an athbhreithniú sin chun go gcuirfear san áireamh staid na stoc éisc a chumhdaítear leis an bPrótacal, na bearta bainistíochta i dtaca leis na stoic sin a ghlacfaidh an Mháratáin go han-ghairid, agus éifeachtaí fadtéarmacha na mbeart teicniúil a cuireadh i bhfeidhm chun gur tarraingtí an Prótacal do chabhlaigh Eorpacha. Leis an athbhreithniú sin go háirithe, beifear in ann deiseanna iascaireachta a ailíniú le gníomhaíochtaí iarbhír an chabhlaigh Eorpaigh in uiscí na Máratáine agus, más gá, coigeartófar an ranníocaíocht airgeadais a íocfaidh an tAontas. Thairis sin, an ranníocaíocht airgeadais a bhaineann le tacaíocht d'fhorbairt an bheartais iascaigh earnála sa Mháratáin, déantar í a choimeád ar fud an domhain ar leibhéal an Phrótacail reatha, i.e. EUR 16 500 000 ar feadh ré iomlán an Phrótacail, ach déantar í a leathadh thar thréimhse 5 bliana, agus ráta ionsúcháin na gcistí agus na méideanna atá fós ar fáil faoin bPrótacal reatha á gcur san áireamh. Leis an tacaíocht seo, comhlíontar cuspóirí an Phlean Straitéisigh Náisiúnta maidir le hIascaigh na Máratáine. Bunaítear an méid bliantúil maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus leithreasuithe íocaíochta le linn an nóis imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, lena n-áirítear líne chúltaca na bprótacal nár tháinig i bhfeidhm ag tús na bliana[3].

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déantar foráil maidir leis na socruithe faireacháin sa chomhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe agus sa Phrótacal Chur Chun Feidhme.

[3] I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha, pointe 20 (IO L 433I, 22.12.2020).

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

i dtaca le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine agus prótacal cur chun feidhme an chomhaontaithe sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de, i gcomhar le pointe (a)(v) d'Airteagal 218(6) de, agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh [XXX] ón gComhairle an [...][4], síníodh an comhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú sin, faoi réir a dtabhairt i gcrích ag dáta níos déanaí.

(2) Is é is cuspóir don Chomhaontú Comhpháirtíochta agus don Phrótacal cur ar chumas an Aontais agus Phoblacht Ioslamach na Máratáine comhoibriú go dlúth lena chéile chun forbairt an bheartais iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn, agus chun saothrú acmhainne iascaigh i limistéar iascaireachta na Máratáine agus san Aigéan Atlantach a éascú ar bhealach freagrach, agus chun tacú le dálaí oibre sásúla in earnáil na hiascaireachta san am céanna.

(3) Ba cheart an Comhaontú agus an Prótacal a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh.

(4) Le hAirteagal 14 den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus a Phrótacail Cur Chun Feidhme. Thairis sin, de bhun Airteagal 7(1) den Phrótacal, féadfaidh an Comhchoiste leasuithe áirithe ar an bPrótacal a fhormheas. Ionas go n-éascófaí formheas na modhnuithe sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún, faoi réir coinníollacha sonracha substainteacha agus nós imeachta, chun iad a fhormheas thar ceann an Aontais de réir nós imeachta simplithe.

(5) Ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais maidir le leasuithe atá beartaithe don Phrótacal a bhunú. Ba cheart na leasuithe atá beartaithe a fhormheas mura rud é go ndéanann mionlach blocála de na Ballstáit agóid i gcoinne na leasuithe i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(6) I bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta na Máratáine agus an gá atá ann an tréimhse ama a

[4] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2021/… an … 2021 maidir le … (IO C […] , , lch.).

gcuirfear isteach ar an gcur isteach ar na gníomhaíochtaí sin a laghdú a oiread is féidir, ba cheart go dtiocfadh na bearta sin i bhfeidhm a luaithe is féidir.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an comhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine ('an Comhaontú') agus an Prótacal cur chun feidhme a ghabhann leis ('an Prótacal') a fhormheas thar ceann an Aontais.

Tá téacsanna an Chomhaontaithe agus téacsanna an Phrótacail cur chun feidhme i gceangal leis an gCinneadh seo[5].

Airteagal 2

I gcomhréir leis na forálacha agus na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, údaraítear an Coimisiún leis seo, thar ceann an Aontais, modhnuithe ar an bPrótacal arna nglacadh ag an gComhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 14 den Chomhaontú.

Airteagal 3

Tabharfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 26 den Phrótacal, d'fhonn toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal a chur in iúl.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

[5] I gcomhréir le Rialachán 2015/2264 maidir le deireadh a chur le maolú na Gaeilge de réir a chéile, ní aistreofar na comhaontuithe idirnáisiúnta go Gaeilge ach ón 1 Eanáir 2022

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

1.4.2. Cuspóirí sonracha

1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme an tionscnaimh

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le hidirghabháil an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí maidir le hathshannadh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialúcháin

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ann ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Tograí le haghaidh cinneadh ón gComhairle i dtaca le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine agus prótacal cur chun feidhme an chomhaontaithe sin

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[6]

08 – Talmhaíocht agus Beartas Muirí
08 05 – Comhaontuithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe (SFPA) agus eagraíochtaí réigiúnacha bainistíochta iascaigh (ERBI)
08 05 01 — Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tíortha

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☑ Baineann an tionscnamh/togra le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[7]

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe

Trí chaibidlíocht a dhéanamh ar na comhaontuithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe (SFPA) le tríú tíortha agus iad a thabhairt i gcrích, comhlíontar an cuspóir ginearálta maidir le rochtain a thabhairt do shoithí iascaireachta an Aontais Eorpaigh ar limistéir iascaireachta tríú tíortha agus comhpháirtíocht a fhorbairt leis na tíortha sin d'fhonn saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh a neartú lasmuigh d'uiscí an Aontais Eorpaigh. Leis na SFPAanna, áirithítear freisin comhsheasmhacht idir na prionsabail lena rialaítear an comhbheartas iascaigh agus na gealltanais a rinneadh faoi bheartais Eorpacha eile (úsáid inbhuanaithe acmhainní tríú tíortha, an comhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialaithe (NNN), comhtháthú na dtíortha comhpháirtíochta sa gheilleagar domhanda, tacú le forbairt inbhuanaithe i ngach gné, agus rialachas polaitiúil agus airgeadais níos fearr ar iascaigh.

[6] ABM: *Bainistiú de réir gníomhaíochtaí* – ABB: *Bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí*.

[7] Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

Cuspóir sonrach Uimh. 1

Cur le hiascaireacht inbhuanaithe in uiscí neamh-AE, láithreacht Eorpach a chothabháil in iascaigh i bhfarraigí i bhfad i gcéin agus leasanna earnáil iascaigh na hEorpa agus tomhaltóirí a chosaint trí idirbheartaíocht agus SFPAanna a thabhairt i gcrích le stáit chósta, i gcomhréir le beartais Eorpacha eile.

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

08 05 01 — Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tíortha

1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar ar cheart a bheith ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe agus a Phrótacail Cur Chun Feidhme, leantar den chomhpháirtíocht iascaigh straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus an Mhárataín agus treisítear í. Le tabhairt i gcrích an Phrótacail, cruthófar deiseanna iascaireachta do shoithí de chuid an Aontais i limistéar iascaireachta Máratáine.

Leis an gComhaontú agus an Prótacal, tacaítear leis an acmhainn iascaigh a bhainistiú agus a chaomhnú, trí thacaíocht airgeadais (tacaíocht earnála) a chur ar fáil chun cláir arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta ag an tír chomhpháirtíochta a chur chun feidhme, go háirithe an Plean Cuimsitheach Iascaigh, faireachas a dhéanamh ar an iascaireacht neamhdhleathach agus comhrac ina coinne, agus tacaíocht a thabhairt don earnáil iascaireachta ar mhionscála.

Ar deireadh, leis an gComhaontú agus an Prótacal, tacaítear le saothrú inbhuanaithe na n-acmhainní muirí sa Mhárataín agus le geilleagar iascaireachta na Márataín, trí fhás agus dálaí oibre sásúla a chur chun cinn, maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le hiascaireacht.

1.4.4. Táscairí lena léirítear torthaí agus tionchar

Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

Rátaí úsáide deiseanna iascaireachta (glacadh bliantúil na n-údaruithe iascaireachta mar chéatadán den infhaighteacht faoin bPrótacal).

Sonraí maidir le gabhálacha (bailiú agus anailísiú) agus luach tráchtála an Chomhaontaithe.

Tacaíocht le fostaíocht agus le dálaí oibre sásúla in earnáil an iascaigh agus le breisluach a chruthú san Aontas agus le margadh an Aontais a chobhsú (go comhiomlán le SFPAanna eile).

Tacaíocht le feabhas a chur ar thaighde, faireachas agus rialú ar ghníomhaíocht iascaireachta ag an tír chomhpháirtíochta agus ar fhorbairt a hearnála iascaigh, go háirithe an earnáil a bhaineann le hiascaigh ar scála beag.

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma

Foráiltear go mbeidh feidhm ag an gComhaontú nua agus a Phrótacal cur chun feidhme go sealadach ón dáta a shíneofar é d'fhonn an tréimhse nach féidir oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh lena linn a laghdú i gcás inarb iomchuí.

Leis an bPrótacal nua cuirfear creat ar fáil do ghníomhaíochtaí iascaireachta de chabhlach an Aontais i limistéar iascaireachta na Máratáine agus tabharfar údarú d'úinéirí soithí an Aontais iarratas a dhéanamh ar údaruithe iascaireachta chun dul i mbun iascaireachta sa limistéar sin. Ina theannta sin, leis an bPrótacal nua, cuirfear feabhas ar chomhar idir an tAontas Eorpach agus an Mhárataín d'fhonn forbairt ar bheartas iascaigh inbhuanaithe i ngach gné a chur chun cinn. Foráiltear ann, go háirithe, go ndéanfar faireachán ar shoithí trí VMS agus go dtarchuirfear sonraí gabhála go leictreonach. Leis an tacaíocht earnála atá ar fáil faoin bPrótacal cuideofar leis an Márataín lena straitéis iascaigh náisiúnta, lena n-áirítear an

iascaireacht NNN a chomhrac agus dálaí oibre sásúla a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí iascaireachta.

1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais

Mura dtabharfaidh an tAontas Comhaontú a nua i gcrích, ní fhéadfaidh soithí an Aontais leanúint dá ngníomhaíochtaí iascaireacht ós rud é go bhfuil clásal sa Chomhaontú reatha lena n-eisiatar gníomhaíochtaí iascaireachta nach bhfuil sa chreat a shainítear leis an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú. Dá bhrí sin, tá an luach breise do chabhlach cianuisce an Aontais Eorpaigh an-soiléir. Leis an bPrótacal cuirtear creat ar fáil freisin maidir le comhar feabhsaithe idir an tAontas agus an Mháratáin.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Ar bhonn an anailísithe ar na gabhálacha a fuarthas i bhfad ó shin i limistéar iascaireachta Phoblacht Ioslamach na Máratáine agus ar na gabhálacha a fuarthas le déanaí i gcomhthéacs Prótacal den chineál chéanna sa réigiún, chomh maith leis na meastóireachtaí agus tuairimí eolaíocha a bhí le fáil, leag na páirtithe síos na deiseanna iascaireachta faoi réir teorainneacha ar ghabhálacha nó tonnáistí tagartha le haghaidh na gcatagóirí atá sonraithe sa Mheabhrán Míniúcháin thuas. Roimh thús an tríú bliain, déanfar na deiseanna iascaireachta sin a mheasúnú agus a choigeartú go comhpháirteach, i gcás inarb iomchuí, dá dtagraítear in Airteagal 7 den Phrótacal. Tá curtha san áireamh sa tacaíocht earnála riachtanais ó thaobh fhothú acmhainní riarachán iascaigh Phoblacht Ioslamach na Máratáine agus thosaíochta na straitéise náisiúnta iascaireachta lena n-áirítear go háirithe an taighde eolaíoch agus na gníomhaíochtaí rialaithe agus faireacháin ar an iascaireacht.

1.5.4. Comhoiriúnacht agus sineirgíocht fhéideartha le hionstraimí iomchuí eile

Ioncam inmhalartaithe i mbuiséad náisiúnta na Máratáine is ea cistí a sholáthraítear mar chúiteamh airgeadais le haghaidh rochtana faoi SFPA. Mar sin féin, leithdháiltear cistí atá beartaithe le haghaidh tacaíocht earnála (de ghnáth trína thabhairt isteach sa dlí buiséadach bliantúil) ar an Aireacht atá freagrach as iascaigh, agus is coinníoll é sin go dtabharfaí na SFPAanna chun críche agus go ndéanfaí faireachán orthu. Tá na hacmhainní airgeadais seo comhoiriúnach le foinsí maoinithe eile ó sholáthraithe eile maoinithe idirnáisiúnta chun tionscadail agus/nó cláir a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta san earnáil iascaigh.

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☑ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm **ar feadh tréimhse theoranta**

– ☑ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ó dháta a shínithe in 2021 agus go ceann 5 bliana go dtí 2026

– ☑ Tionchar airgeadais ó 2021 go 2026

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[8]

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☑ Ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí atá ainmnithe acu;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid a chuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V an Chonartha ar an Aontas Eorpach, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

[...]

[8] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo

Áiritheoidh an Coimisiún (DG MARE, i gcomhar lena ataisé iascaigh, arb é atá freagrach as an Mháratáin, é lonnaithe in Nouakchott agus i gcomhar le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin, áiritheoidh sé go ndéanfar faireachán rialta ar chur chun feidhme an Phrótacail maidir le húsáid deiseanna iascaireachta le haghaidh oibreoirí, sonraí gabhála agus comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le tacaíocht earnála.

Ina theannta sin, foráiltear sa SFPA maidir le cruinniú den Chomhchoiste, cruinniú a reáchtálfar uair amháin ar a laghad sa bhliain agus a ndéanfaidh an Coimisiún agus an Mháratáin athbhreithniú ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus an Phrótacail ann agus, más gá, déanfar na cláir agus an ranníocaíocht airgeadais a choigeartú.

2.2. Córas bainistíochta agus rialúcháin

2.2.1. Na rioscaí a aithníodh

Is é an riosca a aithníodh ná tearc-úsáid na ndeiseanna iascaireachta ag úinéirí shoithí an Aontais Eorpaigh agus tearc-úsáid nó úsáid mhall ag an Máratáin as cistí atá beartaithe chun an beartas iascaigh earnála a mhaoiniú. Tá idirphlé forleathan beartaithe maidir le clárú agus cur i bhfeidhm an bheartais earnála atá leagtha síos sa Chomhaontú agus sa Phrótacal. Tá anailís chomhpháirteach ar thorthaí, dá dtagraítear in Airteagal 8 den Phrótacal, mar chuid de na modhanna rialaithe seo freisin. Ina theannta sin, tá clásail shonracha sa Chomhaontú agus sa Phrótacal lena gcur ar fionraí, faoi choinníollacha áirithe agus in imthosca áirithe.

2.2.2. Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh arna bhunú

Cuirfear íocaíochtaí chun feidhme ar bhealach díchúpláilte maidir leis an ranníocaíocht le haghaidh rochtana agus an ranníocaíocht le haghaidh tacaíocht earnála.

Déanfar na híocaíochtaí le haghaidh rochtana ar bhonn bliantúil ar dháta comórtha an Phrótacail, ach amháin sa chéad bhliain, nuair a dhéanfar an íocaíocht sna 60 lá tar éis thús an iarratais shealadaigh. Le haghaidh na chéad bhliana, áfach, is in dhá thráthchuid a íocfar an ranníocaíocht airgeadais le haghaidh rochtana, agus an dara tráthchuid, beidh sí faoi réir ghlacadh na Máratáine le plean bainistíochta le haghaidh iascach ina ndírítear ar speicis pheiligeacha bheaga. Déanfar rochtain ar shoithí a rialú trí údaruithe iascaireachta a eisiúint.

Íoctar an tacaíocht earnála den chéad uair laistigh de thrí mhí tar éis tar éis don Chomhchoiste an clár cur chun feidhme bliantúil agus ilbhliantúil a chomhaontú; sna blianta ina dhiaidh sin, is ar na torthaí a bhainfear amach a bheidh sé ag brath. Déanfar faireachán ar na torthaí a baineadh amach agus ar an ráta cur chun feidhme de réir na gcoinníollacha maidir le Tacaíocht Earnála a Chur Chun Feidhme do Bheartas Iascaigh na Máratáine, i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 den Phrótacal, ar bhonn na dtuarascálacha nó na fianaise doiciméadaí arna soláthar ag an tír chomhpháirtíochta agus ar bhonn mheasúnúcháin agus fhíorúcháin an ataisé iascaigh.

2.2.3. Meastachán ar chostais agus ar shochair na rialuithe agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis.

Tá íocaíochtaí a bhaineann le costais rochtana le haghaidh SFPA faoi réir seiceálacha atá dírithe ar a chinntiú go gcomhlíontar forálacha comhaontuithe idirnáisiúnta. Tá seiceálacha a bhaineann le tacaíocht earnála dírithe ar fhaireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na tacaíochta. Is iad baill foirne an Choimisiúin a dhéanann an faireachán i dToscaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus le linn cruinnithe Comhchoistí. Úsáidtear maitrís chlársceidealaithe ilbhliantúil chun dul chun cinn a mheas. Mura bhfuil dul chun cinn leordhóthanach ann, cuirfear íocaíocht an chéad tráinse eile ar fionraí nó b'fhéidir go laghdófaí é. Meastar gurb é costas fhoriomlán na seiceálacha ar gach SFPA ná 1.8 % (de na ranníocaíochtaí in 2018). Tá na nósanna imeachta maidir le seiceálacha ar SFPAanna bunaithe go príomha ar riachtanais rialála riachtanacha. Mura mbraitear aon easnamh a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais, measfar go bhfuil na seiceálacha éifeachtach. Meastar go bhfuil an meánráta earráide faoi bhun na tairsí ábharthachta.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.

Geallann an Coimisiún go mbunófar idirphlé polaitiúil agus comhordú rialta leis an Mháratáin d'fhonn bainistíocht an Chomhaontaithe agus an Phrótacail a fheabhsú, agus tacaíocht an Aontais le bainistiú acmhainní inbhuanaithe a neartú. Aon íocaíocht a dhéanann an Coimisiún faoi SFPA, is faoi réir rialacha caighdeánacha agus nósanna imeachta buiséid agus airgeadais an Choimisiúin a dhéantar iad. Go háirithe, aithnítear cuntais bhainc na dtríú tíortha a n-íoctar an ranníocaíocht airgeadais iontu. Foráiltear le hAirteagal 5(8) den Phrótacal go n-íocfar an ranníocaíocht airgeadais maidir le rochtain agus le hIarscríbhinn 2 den Phrótacal foráiltear go ndéanfar an ranníocaíocht atá beartaithe chun an earnáil a fhorbairt a íoc isteach i gcuntas Státchiste. Ina theannta sin, le hAirteagal 5(17) den Phrótacal, údaraítear feasta seiceálacha ar an láthair a dhéanann údaráis na hEorpa ar thionscadail a mhaoinítear tríd an ranníocaíocht airgeadais a bhaineann le tacaíocht earnála a íoctar leis an tír chomhpháirtíochta faoin bPrótacal.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir […][Ceannteideal……..……]	LD/LN [9]	ó thíortha de chuid CSTE[10]	ó thíortha is iarrthóirí[11]	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	08.05.01 Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta an Aontais Eorpaigh in uiscí tríú tíortha (SFA)	CD	NÍL	NÍL	TÁ	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir […][Ceannteideal……]	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais
	[…][XX.YY.YY.YY]		TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

9 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

10 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

11 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh aige ar chaiteachas

[Ba cheart an scarbhileog ar shonraí buiséid de chineál riaracháin a úsáid **leis an gcuid seo a líonadh isteach** (an dara doiciméad san iarscríbhinn a ghabhann leis an ráiteas airgeadais seo) agus í a uaslódáil chuig CISNET chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse]

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar chaiteachas

I milliúin EUR (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	Uimh. 2	Fás inbhuanaithe: acmhainní nádúrtha

AS MARE			Bliain **2021**[12]	Bliain **2022**	Bliain **2023**	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	**IOMLÁN**
• Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí					(*)				
Uimhir na líne buiséid 08.05.01	Gealltanais	(1)	57,500	61,125	61,125	61,125	61,125		**304**
	Íocaíochtaí	(2)	50	68,625	61,125	61,125	61,125	**iontráil mheabhráin**	**304**
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[13]									
Uimhir na líne buiséid		(3)							
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh AS MARE	Gealltanais	=1+1a +3	57,500	61,125	61,125	61,125	61,125		**304**
	Íocaíochtaí	=2+2a +3	50	68,625	61,125	61,125	61,125	**iontráil mheabhráin**	**304**

(*) NB athbhreithniú ar na méideanna atá beartaithe ón tríú bliain ar aghaidh; iontráil mheabhráin: d'fhéadfaí cuid de na leithreasuithe íocaíochta a íoc le linn na bliana 2026.

12 Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

13 Cúnamh teicniúil agus/nó riaracháin agus caiteachas tacaíochta ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

•IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	57,500	61,125	61,125	61,125	61,125	304
	Íocaíochtaí	(5)	50	68,625	61,125	61,125	61,125	304
•IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as an imchlúdach le haghaidh cláir shonracha		(6)						
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 2 an chreata airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	4 6	57.500	61,125	61,125	61,125	61,125	304
	Íocaíochtaí	=5+ 6	50	68,625	61,125	61,125	61,125	304

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal amháin:

•IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	57,500	61,125	61,125	61,125	61,125	304
	Íocaíochtaí	(5)	50	68,625	61,125	61,125	61,125	304
•IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as an imchlúdach le haghaidh cláir shonracha		(6)						
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4 an chreata airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+ 6	57,500	61,125	61,125	61,125	61,125	304
	Íocaíochtaí	=5+ 6	50	68,625	61,125	61,125	61,125	304

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	**5**	‘Caiteachas riaracháin’

I milliúin EUR (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain **N**	Bliain **N+1**	Bliain **N+2**	Bliain **N+3**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			**IOMLÁN**
AS: <..... >									
•Acmhainní daonna									
•Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN AS <…….>	Leithreasuithe								
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5 an chreata airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí)								

I milliúin EUR (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain **2021**[14]	Bliain **2022**	Bliain **2023**	Bliain **2024**	Bliain **2025**	**IOMLÁN**
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5 an chreata airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	57,500	61,125	61,125	61,125	61,125	304
	Íocaíochtaí	50	68,625	61,125	61,125	61,125	304

[14] Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

3.2.2 An tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí.

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí i milliúin EUR (go dtí an 3ú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir ⇩			Bliain **2021**		Bliain **2022**		Bliain **2023**		Bliain **2024**		Bliain **2025**		**IOMLÁN**
	ASCHUIR												
	Cineál [15]	Meán costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH UIMH. 1…[16]…													
- Rochtain ar an		57,5		57,5		57,5		57,5		57,5		57,5	287,5
- Tacaíocht		3,3				4,125		4,125		4,125		4,125	16,5
- Aschur													
Fo-iomlán le haghaidh chuspóir sonrach Uimh. 1													
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2…													
- Aschur													
Fo-iomlán le haghaidh chuspóir sonrach Uimh. 2													
COSTAS IOMLÁN				57.5		61 ,125		61 ,125		61 ,125		61 ,125	304

15 Táirgí agus seirbhísí a bheidh le soláthar is ea iad na haschuir i gceist (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

16 Mar a shonraítear i bpointe 1.4.2. ‘Cuspóirí sonracha...’.

3.2.3 An tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.3.1. Achoimre

– ☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin.

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

I milliúin EUR (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain **N** [17]	Bliain **N+1**	Bliain **N+2**	Bliain **+3**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)			**IOMLÁN**
CEANNTEIDEAL 5 an chreata airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas riaracháin eile								
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 an chreata airgeadais ilbhliantúil								

Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5[18] **an chreata airgeadais ilbhliantúil**								
Acmhainní daonna								
Caiteachas eile de chineál riaracháin								
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 an chreata airgeadais ilbhliantúil								

IOMLÁN								

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

17 Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

18 Cúnamh teicniúil agus/nó riaracháin agus caiteachas tacaíochta ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

		Bliain **N**	Bliain **N+1**	Bliain **N+2**	Bliain **N+3**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tioncha ir a léiriú (féach pointe 1.6)		
• **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)**								
XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)								
XX 01 01 02 (Toscaireachtaí)								
XX 01 05 01 (Taighde indíreach)								
10 01 05 01 (Taighde díreach)								
• **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha - FTE)**[19]								
XX 01 02 01 (AC, END, INT ón imchlúdach iomlánaíoch)								
XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna toscaireachtaí)								
XX 01 04 ***bb*** [20]	– sa cheanncheathrú							
	– i dtoscaireachtaí an Aontais							
XX 01 05 02 (CA, SNE, INT – taighde indíreach)								
10 01 05 02 (AC, END, INT – taighde díreach)								
Línte buiséid eile (sonraigh)								
IOMLÁN								

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus foireann shealadach	
Foireann sheachtrach	

19 AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

20 Fo-uasteorainneacha d'fhoireann sheachtrach arna gcumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

– ☑ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

Úsáid na líne cúltaca (Caibidil 40).

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. [...]

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

– ☑ Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasaí i milliúin EUR (go dtí an 3ú deachúil)

	Bliain **N**	Bliain **N+1**	Bliain **N+2**	Bliain **N+3**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam ilghnéitheach

I milliúin EUR (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh[21]						
		Bliain **N**	Bliain **N+1**	Bliain **N+2**	Bliain **N+3**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
Airteagal …….								

I gcás ioncam ilghnéitheach atá ‘sannta’, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

[…]

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

[…]

[21] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.